



Gné den Mhata	Uimhreas - ionadluach, oibríochtaí, patrúin agus gaolta <i>Comhtháthú- Teanga</i>
Próisis	Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu <ul style="list-style-type: none">• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil <ul style="list-style-type: none">• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile Réasúnú Matamaiticiúil <ul style="list-style-type: none">• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu
Teanga agus Téarmaíocht	suimigh, roinnt, fachtóir, iolraí, teaglaim, uimhreacha leantacha, meas, cnaipe, scáileán, taispeáint, ionchur
Áiseanna	áireamháin, peann luaidhe, páipéar, tábla, eangacha uimhreacha, bileog acmhainne an dalta





Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, úsáideann daltaí suimiú, dealú, iolrú agus roinnt le himscrúduithe matamaiticiúla a chur i gcrích.

1 Gníomhaíocht 1

Déanfaidh na daltaí iarracht 100 a dhéanamh ag iolrú uimhreacha 0-10 faoi shlánuimhreacha eile. Tá seans go bhfuil cúpla réiteach ar eolas acu cheana féin. Mar shampla, i gcúrsaí airgid, $2p \times 50 = 100$. Ní mór a rá gur chóir meastachán a úsáid sular mbainfear úsáid as an áireamhán le freagraí a dhearbhuí.

2 Gníomhaíocht 2

Roghnóidh daltaí teaglamaí difriúla de dhá, trí, ceithre nó cúig uimhir ón eangach agus déanfaidh siad iad a shuimiú le háireamhán leis an sprioc de 1000 a bhaint amach. Pléann siad na straitéisí a d'úsáid siad agus na dóigheanna a bhfuair siad réitigh. Mar shampla, ar úsáid siad eolas ar uimhirnaisc, slánú agus coigeartú nó iolraithe agus iad ag suimiú uimhreacha?

3 Gníomhaíocht 3

Aisiompaíonn daltaí ord uimhreacha dhá d'igit ar bith agus suimíonn siad patrúin ina gcuid freagraí le chéile le hiolraithe a aimsiú agus a fhiosrú. Mar shampla, $12 + 21 = 33$. Cuardóidh siad patrúin agus déanfaidh siad iarracht teacht ar riail a mhíníonn na patrúin a d'aimsigh siad. Stop go rialta le rialacha atá á gcruthú ag na daltaí a phlé agus a bheachtú de réir mar a thagann siad ar níos mó réiteach.

Sín an ghníomhaíocht le huimhreacha trí d'igit agus ceithre d'igit a fhiosrú. Mar shampla, uimhreacha leantacha a shuimiú $123 + 321 = 444$.





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Druidte	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none"> • Cad é a shuimíonn tú le x le y a dhéanamh? • Cad é a iolraím 25 faoi le 100 a dhéanamh? • Agus an fheidhm iolraithe ar an áireamhán in úsáid agat, cad é mar is féidir leat 50 a athrú go 100 	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na huimhreacha is féidir liom a shuimiú le chéile le 1000 a dhéanamh? • Cén patrúin is féidir leat a aimsiú d'uimhreacha atá inroinnte ar x? • Cad é mar a dhéanfá cur síos ar do rial? • Cad iad na fáthanna a chruthaíonn do rial? • An dtig leat smaoineamh ar rialacha eile bunaithe ar do bhreathnuithe nó ar an méid a dúirt do chomhscoláirí?

Difreáil

Maidir le difreáil, is féidir uimhir thargaide níos airde nó níos ísle a roghnú. De rogha air sin, thioctadh leis an liosta iolraithe san eangach a bheith níos giorra sa dóigh nach mbeidh ar na daltaí ach líon níos lú de dhóigheanna a shainaitheint le 100 a bhaint amach. I nGníomhaíocht 2, thig le daltaí uimhreacha níos simplí nó níos deacra a úsáid ag brath ar an tuiscint atá acu. Thig leo uimhreacha a úsáid lena n-eangacha féin le uimhreacha targaide difriúla a chruthú fosta. Thig leo a gcomhthéacs féin a roghnú maidir leis na heangacha a chruthú cosúil le figiúirí tinrimh ó eachtra spóirt, nó an praghas ar earraí i siopa.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.





Cuid 1

100 a dhéanamh

Úsáid an t-áireamhain leis na huimhreacha thíos a athrú go 100 nuair a iolraíonn tú iad faoi shlánuimhir eile.

Uimhir	An ndearna tú 100?	Conas?
0		
1		
2	Rinne	$2 \times 50 = 100$
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		

Cuid 2:

1000 a dhéanamh

Roghnaigh ceithre uimhir ón eangach. Suimigh iad le chéile lena fháil amach an ndéanann siad 1000. Dean taifead ar na teaglamaí a dhéanann 1000.

275	382	81	174
206	117	414	262
483	173	239	138
331	230	325	170





Cuid 3:

A hAon Déag

Roghnaigh uimhir dhá dhigit. Aisiompaigh na digití agus scríobh d'uimhir nua thíos. Suimigh an dá uimhir le chéile. Úsáid áireamhán le hiarracht a dhéanamh an uimhir a roinnt ar 11. An bhfuil an uimhir inroinnte ar 11?

Bain triail as seo le huimhreacha 3 / 4 / 5 dhigit.

An bhfuil riail ann?

